Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2024/2019(DEC)

29.1.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Choimisiúin don bhliain airgeadais 2023
(2024/2019(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Romana Tomc

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023, maille le freagraí na n-institiúidí[1], agus do na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí,

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí go gcuirtear staid airgeadais an Aontais i láthair go cothrom, ar gach slí ábhartha, i gcuntais chomhdhlúite an Aontais don bhliain 2023 ar an dáta sin;

2. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar úsáid chistí an Aontais chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an riosca soiléir go ndéanfaí sárú tromchúiseach ar luachanna an Aontais agus ar an smacht reachta;

3. á mheabhrú go ndíríonn caiteachas faoi fho-cheannteideal 2a ‘Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach’ ar éagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus réigiúin an Aontais a laghdú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá beartas comhtháthaithe an Aontais chun tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a Phlean Gníomhaíochta agus na bpríomhspriocanna gaolmhara, lena gcuirtear go mór le beartais fostaíochta, shóisialta, oideachais agus scileanna an Aontais, lena n-áirítear athchóirithe struchtúracha sna réimsí sin;

4. á chur i bhfáth, go háirithe, a thábhachtaí atá CSE+ arb é is aidhm leis ardfhostaíocht, cosaint shóisialta chothrom, lucht saothair oilte agus athléimneach, agus sochaithe cuimsitheacha/comhtháite a bhaint amach mar phríomhghné chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht; á chur in iúl gur gá tacaíocht leanúnach airgeadais agus pholaitiúil ó institiúidí an Aontais, ó institiúidí náisiúnta agus ó institiúidí réigiúnacha a chur ar fáil dó chun a chuspóirí agus a spriocanna a bhaint amach sna blianta atá le teacht; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dlúthpháirt a thabhairt do ghníomhaithe réigiúnacha, go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta atá ag obair ar an láthair i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí arna gcistiú ag CSE+;

5. á chur in iúl gur geal léi gur seoladh an Bhliain Eorpach um Scileanna an 9 Bealtaine 2023 agus é mar aidhm léi borradh a chur faoi iomaíochas ghnóthais an Aontais, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus rannchuidiú le poist ardcháilíochta a chruthú, d’fhonn acmhainneacht iomlán an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a bhaint amach ar bhealach atá cothrom, cuimsitheach agus cóir go sóisialta;

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur shroich na gealltanais iomlána le híoc an leibhéal

[1] IO C, C/…, ..., ELI: ... / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

is airde riamh de EUR 543 bhilliún faoi dheireadh 2023, go príomha mar gheall ar ghealltanas méadaithe i leith na gcistí atá faoi bhainistíocht chomhroinnte, chomh maith le NextGenerationEU (NGEU), ach á thabhairt faoi deara go meastar go dtiocfaidh laghdú ar na gealltanais iomlána le híoc sa tréimhse 2024-2026;

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann an Chúirt Iniúchóirí gur shroich an leibhéal earráide i gcás cheannteideal 2 de CAI, ‘Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna’, 9,3 % in 2023, i gcomparáid le 6,4 % in 2022; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé sin i bhfad os cionn na rátaí arda a bhí ann cheana sna blianta roimhe sin, rud a d’fhág gur eisigh an Chúirt tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas an bhuiséid; á aithint go meastar gur caiteachas ardriosca é formhór an chaiteachais sa réimse sin toisc gur caiteachas bunaithe ar aisíocaíochtaí den chuid is mó é agus gur minic a bhíonn sé faoi réir rialacha casta;

8. á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht phráinneach chun an ráta earráide a laghdú amach anseo go háirithe don tréimhse chistiúcháin 2021-2027, agus ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte go bhfuil tionchar ag castacht an bhealaigh a ndéantar cistí a eisíoc ar an riosca earráide; ag tabhairt dá haire, áfach, go n-aithníonn an Chúirt roinnt tosca a chuir brú breise ar riaracháin na mBallstát agus a mhéadaigh an riosca maidir lena n-acmhainneacht a áirithiú go raibh caiteachas rialta agus i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais; á mheabhrú go n-áirítear ar na tosca sin na hacmhainní suntasacha breise REACT-EU a bheith á gcur ar fáil, agus dáta deiridh an 31 Nollaig 2023 do thréimhse incháilitheachta de chomhtháthú 2014-2020, atá ag forluí le tréimhse incháilitheachta STA le blianta beaga anuas;

9. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil sé tuartha ag an gCoimisiún gurb ionann an saoradh i gcás chistí an bheartais chomhtháthaithe don tréimhse 2024-2027, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, agus EUR 2,2 billiún, atá a chúig oiread níos airde ná mar a bhí tuartha in 2022, go príomha mar gheall ar ionsú íseal leanúnach; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún bealaí a shainaithint chun cabhrú leis na Ballstáit feabhas a chur ar ionsú chistí an Aontais, agus bainistíocht fhónta airgeadais á hurramú ag an am céanna;

10. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar fós ag boilsciú ard (6,4 %) ar bhuiséad an Aontais; ag tabhairt rabhaidh, bunaithe ar réamhaisnéis bhoilscithe an Choimisiúin, go bhféadfadh buiséad an Aontais thart ar 13 % dá chumhacht cheannaigh a chailleadh faoi dheireadh 2025;

11. ag aithint an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún maidir le foireann naíolainne a inmheánú; á iarraidh go leanfaí de na hiarrachtaí chun dálaí maithe oibre agus cobhsaíocht chonarthach a chur ar fáil;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí uile na Cúirte Iniúchóirí nach ndearnadh aon ghníomh ina leith fós a chur chun feidhme a luaithe is féidir.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH DE RÉIR COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	28.1.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 42 –: 9 0: 6
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Li Andersson, Marc Angel, Pascal Arimont, Konstantinos Arvanitis, Nikola Bartůšek, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Rachel Blom, Andrzej Buła, David Casa, Estelle Ceulemans, Henrik Dahl, Johan Danielsson, Marie Dauchy, Mélanie Disdier, Elena Donazzan, Gheorghe Falcă, Chiara Gemma, Niels Geuking, Juan Carlos Girauta Vidal, Isilda Gomes, Alicia Homs Ginel, Sérgio Humberto, Irena Joveva, Martine Kemp, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Marit Maij, Marlena Maląg, Jagna Marczułajtis-Walczak, Eleonora Meleti, Idoia Mendia, Maria Ohisalo, João Oliveira, Branislav Ondruš, Aodhán Ó Ríordáin, Dennis Radtke, Nela Riehl, Liesbet Sommen, Villy Søvndal, Pál Szekeres, Romana Tomc, Jana Toom, Francesco Torselli, Marie-Pierre Vedrenne, Marianne Vind, Mariateresa Vivaldini, Petar Volgin, Jan-Peter Warnke, Séverine Werbrouck
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Vivien Costanzo, Raúl de la Hoz Quintano, Özlem Demirel, Valérie Devaux, Rudi Kennes, Hristo Petrov, Andrea Wechsler

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

42	+
NI	Branislav Ondruš, Jan-Peter Warnke
PPE	Pascal Arimont, Andrzej Buła, David Casa, Henrik Dahl, Raúl de la Hoz Quintano, Gheorghe Falcă, Niels Geuking, Sérgio Humberto, Martine Kemp, Miriam Lexmann, Jagna Marczułajtis-Walczak, Eleonora Meleti, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Romana Tomc, Andrea Wechsler
Renew	Valérie Devaux, Irena Joveva, Hristo Petrov, Jana Toom, Marie-Pierre Vedrenne
S&D	Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Estelle Ceulemans, Vivien Costanzo, Johan Danielsson, Isilda Gomes, Alicia Homs Ginel, Marit Maij, Idoia Mendia, Aodhán Ó Ríordáin, Marianne Vind
The Left	Li Andersson, Konstantinos Arvanitis, Özlem Demirel, Rudi Kennes
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Maria Ohisalo, Nela Riehl, Villy Søvndal

9	-
ESN	Petar Volgin
PfE	Nikola Bartůšek, Rachel Blom, Marie Dauchy, Mélanie Disdier, Juan Carlos Girauta Vidal, Pál Szekeres, Séverine Werbrouck
S&D	Marc Angel

6	0
ECR	Elena Donazzan, Chiara Gemma, Marlena Maląg, Francesco Torselli, Mariateresa Vivaldini
The Left	João Oliveira

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh